Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2017
(OR. en)

15627/17

CT 159
ENFOPOL 613
COTER 158
COSI 327
JAI 1192

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	7 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	12583/5/17 REV 5
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le líonra ATLAS a neartú - Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le líonra ATLAS a neartú, a ghlac an Chomhairle ag an 3584ú cruinniú a bhí aici ar an 7 Nollaig 2017.

IARSCRÍBHINN

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE LÍONRA ATLAS A NEARTÚ

AG AITHINT DI gur léiriú iad na hionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip gur bagairt do bheatha ár saoránach í an sceimhlitheoireacht agus gur ionsaí í ar luacha comhchoitinne na hEorpa agus ar na cearta bunúsacha a ghabhann leo sin,

AG TAGAIRT DI do na Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis athnuaite slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh 2015-2020[1] agus don athbhreithniú meántéarma ar an straitéis sin[2], ina ndéantar tagairt dá riachtanaí atá sé go gcabhródh an tAontas Eorpach chun saoránaigh a chosaint i dtaca leis an méadú leanúnach atá ag teacht ar na bagairtí a eascraíonn as an sceimhlitheoireacht agus as an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil sé ar cheann de na ceithre réimse céad-tosaíochta sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta a shainaithin an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar an 12 Márta 2015[3] dlús a chur leis an gcomhar oibríochtúil, agus AG AITHINT DI ag an am céanna go bhféadfadh go n-iarrfaí ar aonaid speisialta idirghabhála (ASIanna) na mBallstát idirghabháil a dhéanamh i roinnt cásanna nach gá gur ag baint leis an sceimhlitheoireacht a mbeidís,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur chuir ASIanna údaráis uile forfheidhmithe dlí na mBallstát tús le gníomhaíochtaí comhair faoi choimirce 'ATLAS'[4] i ndiaidh ionsaithe an 11 Meán Fómhair 2001, agus gur eagraigh siad seimineáir agus staidéir éagsúla, gur fhorbair siad ábhair shonracha agus go ndearna siad freachnaimh chomhpháirteacha, agus go gcuirtear ar fáil leis an líonra seo acmhainneacht thábhachtach mar chéad fhreagróirí i gcás ina ndéanfar ionsaithe sceimhlitheoireachta, ina mbeidh gialla le tarrtháil nó i staideanna eile géarchéime,

AG FÉACHAINT do Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe maidir le sceimhlitheoireacht agus le coireacht thrasteorann a chomhrac[5],

---

1 9798/15
2 13319/17
3 6891/15
4 Líonra ina bhfuil 38 ASI ó 28 mBallstát agus ón Iorua, ón Íoslainn agus ón Eilvéis. Tá an Iorua, an Íoslainn agus an Eilvéis rannpháirteach ach níl ceart vótála acu.
5 IO L 210, 6.8.2008, lch. 1-11

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur tháinig an Chomhairle ar chomhdhearcadh, ar an 14 Meán Fómhair 2017, maidir le roinnt ábhar ar cheart tús áite a thabhairt dóibh agus gníomhaíocht láithreach a dhéanamh sna míonna amach romhainn[6], ina measc líonra ATLAS a neartú,

AG TAGAIRT DI don chlásal dlúthpháirtíochta in Airteagal 222 CFAE ar dá réir a ghníomhóidh an tAontas gona Bhallstáit go comhpháirteach i meon na dlúthpháirtíochta i gcás ina ndéanfar ionsaí sceimhlitheoireachta i mBallstát, lena n-áirítear trí chabhrú leis an mBallstát ina chríoch, arna iarraidh sin ag údaráis pholaitiúla an Bhallstáit, i gcás tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéanamh an duine,

AG MEABHRÚ DI, sa chomhthéacs sin, gur fhógair cinn stáit agus rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh sa dearbhú uathu an 25 Márta 2004 maidir le dlúthpháirtíocht in aghaidh na sceimhlitheoireachta, go raibh rún daingean acu go slógfadh na Ballstáit gach ionstraim ar fáil dóibh chun cabhrú le Ballstát nó le Stát aontach ina chríoch arna iarraidh sin ag a údaráis pholaitiúla i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta,

AG MEABHRÚ DI, ag an am céanna, go sonraítear i gCinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle[7] freisin go ndéanfaidh ASIanna, mar aon le cabhair oibríochtúil a thabhairt, cruinnithe a reáchtáil agus oiliúint chomhpháirteach agus freachnaimh chomhpháirteacha a eagrú, nuair is gá, d'fhonn taithí, saineolas agus faisnéis ghinearálta, phraiticiúil agus theicniúil a mhalartú ar mhaithe leis an acmhainneacht freagairt go tapa le linn staideanna géarchéime a neartú,

AG CUIMHNEAMH DI go bhfuil comhleanúnachas, pleanáil fhadtéarmach agus acmhainní tiomnaithe de dhíth chun na spriocanna thuas a bhaint amach,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar na torthaí a bhí ar an measúnú cuimsitheach[8] ar bheartas slándála an Aontais, a rinne an Coimisiún, go háirithe ról ATLAS mar mhol feasachta agus mar ardán don mhalartú idir aonaid speisialta idirghabhála,

---

6 12172/17
7 IO L 210, 6.8.2008, lch. 73-75
8 11550/17 INIT, ADD1 agus ADD2

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil gá le tacaíocht níos struchtúrtha ón Aontas, lena n-áirítear an comhar le gníomhaireachtaí de chuid an Aontais (go háirithe Europol agus CEPOL) agus líonraí speisialaithe um fhorfheidhmiú an dlí agus ag tabhairt dá haire gur gá aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar an gcomhar trasteorann a eascraíonn as creataí reachtacha náisiúnta éagsúla,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE, sa chomhthéacs sin, go bhfuil bainistiú ghníomhaíochtaí an líonra ag brath, faoi na socruithe riaracháin reatha, ar acmhainneacht Bhiúró Feidhmiúcháin ATLAS, arna gcur ar fáil ag an tír ag a bhfuil Uachtaránacht ATLAS, rud a chuireann brú ar chroíghníomhaíochtaí ASI na tíre sin,

AG CUIMHNEAMH DI go mgo rachadh sé go mór chun tairbhe don líonra dá gcruthófaí buanoifige tacaíochta ATLAS, agus

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur chuimhnigh ceannasaithe ATLAS, ar an 5 Aibreán 2017, ar chomhar níos dlúithe a bheith acu le Europol, ach fanacht neamhspleách mar líonra ag an am céanna agus gur léirigh siad, ar an 11 Deireadh Fómhair 2017, gur thacaigh siad leis an tionscnamh maidir le buanoifig tacaíochta a bhunú don líonra ag Europol agus, sa chás sin, go bhféadfaí fós aonaid ATLAS fós cur isteach ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach (lena n-áirítear cláir an Choimisiúin),

AG CUR I dTREIS DI go bhfuil Europol in áit mhaith chun tacaíocht lóistíochta agus riaracháin a chur ar fáil, mar aon le bealaí cumarsáide do líonra ATLAS,

AGUS É Á CHUR IN IÚL AICI go bhféadfaí, trí oifig tacaíochta ATLAS a shuí ag Europol, go bhféadfaí úsáid éifeachtach a bhaint as na struchtúir agus as na huirlisí atá ann cheana, agus go gcuirfí sineirgí ar fáil leis freisin trí nascadh le líonraí eile saineolaithe,

AG MEABHRÚ DI gur gá maoiniú leordhóthanach a áirithiú chun oifig tacaíochta ATLAS agus seirbhísí tacaíochta eile a d'fhéadfaí a chur ar fáil do líonra ATLAS a chruthú agus oibriú, le háirithiú nach gcuirfeadh socrú den chineál sin isteach ar chroíghníomhaíochtaí Europol,

AG CUR I dTREIS DI nár cheart na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla líonra ATLAS a ísliú mar thoradh ar aon socraithe nua riaracháin, agus

AG TAISPEÁINT go bhféadfadh acmhainn oibríochtúil an líonra tairbhe a bhaint, ní hamháin as cruthú buanoifige tacaíochta ATLAS, ach freisin as feabhsaithe i réimsí eile, amhail iad seo a leanas:

- mapáil ar chumais shonracha na ASIanna rannpháirteacha (ag cur san áireamh go n-éileofar leis sin leibhéal ard cosanta d'fhaisnéis íogair agus gur cheart do ASIanna teacht ar chomhaontú maidir leis an méid faisnéise a roinnfear);
- feabhas ar an sásra aga freagartha chun cabhair trasteorann a chur ar fáil idir ASIanna;
- bheadh ASIanna in ann dul trasteorann ar bhealach níos gasta agus níos éifeachtaí;
- trealamh speisialaithe a roinnt i gcás inarb iomchuí agus inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil;
- na prótacail chumarsáide a chaighdeánú laistigh den líonra;
- saoráidí oiliúna coiteanna a bhunú, a ghníomhóidh mar ionaid barr feabhais, chun leibhéal comhchoiteann ardchumais oibriúcháin na ASIanna rannpháirteacha a chothú;
- comhar níos dlúithe, nascacht agus sineirgí féideartha a áirithiú idir an obair a dhéanann ATLAS, gníomhaireachtaí an Aontais (Europol agus CEPOL) agus líonraí speisialaithe um fhorfheidhmiú an dlí (e.g. EEODN);

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur cheart féachaint an bhféadfaí ASIanna ATLAS a úsáid d'oiliúint agus d'fhorbairt cumais i misin CBSC an Aontais thar sáile.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS:

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar Europol, ar líonra ATLAS agus ar Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas a dhéanamh;

- teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí ginearálta comhair faoi dheireadh mhí an Mhárta 2018,

- comhaontuithe a bheith i bhfeidhm acu chun go mbeidh ar chumas na hoifige tacaíochta tús a chur lena chúraimí faoin 1 Eanáir 2019.

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a chur san áireamh ina thogra buiséadach go ndéanfar dóthain acmhainní airgeadais agus daonna a leithdháileadh do ghníomhaíochtaí na hoifige tacaíochta agus seirbhísí tacaíochta eile a d'fhéadfaí a chur ar fáil do líonra ATLAS, agus an maoiniú is gá do ghníomhaíochtaí oibríochtúla ATLAS agus lena neamhspleáchas a áirithiú a choinneáil ar an leibhéal ar a bhfuil sé nó a ardú.

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar aon tionscnaimh bhreise lena bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar laistigh de líonra ATLAS, lena n-áirítear, i gcás inar gá, leasuithe ar Chinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle maidir le feabhsú an chomhair idir aonaid speisialta idirghabhála Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcás staideanna géarchéime.

IARRANN SÍ ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh, más gá, ar an gcreat reachtach atá acu d'fhonn feabhas a chur ar acmhainneacht na n-aonad speisialta idirghabhála i ndáil leis an gcomhar trasteorann.